

## Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiochfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

### Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo

a dhearbhu do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar a ngnóthachtáil de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an ról sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin
- thart ar dhá an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.